Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2026/2070(INI)

02.07.2026

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

maidir le scileanna a neartú san Aontas – deiseanna sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúnt in aimsir an athraithe
(2026/2070(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas :

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
1. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an gairmoideachas agus an ghairmoiliúnt le haghaidh rathúnas eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an gairmoideachas agus an ghairmoiliúnt a chur chun cinn agus a luacháil chun a dtarraingteacht mar chonair ardcháilíochta i dtreo na fostaíochta a mhéadú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar aghaidh sa straitéis ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá ar na bacáin ar cháilíocht agus ábharthacht curaclam gairmoideachais agus gairmoiliúna, mar aon le cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chur chun cinn ar bhealach níos fearr i measc foghlaimeoirí, fostóirí agus an phobail i gcoitinne;	1. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an gairmoideachas agus an ghairmoiliúnt le haghaidh rathúnas eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an gairmoideachas agus an ghairmoiliúnt a chur chun cinn agus a luacháil chun a dtarraingteacht mar chonair ardcháilíochta i dtreo na fostaíochta a mhéadú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar aghaidh sa straitéis ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá ar na bacáin ar cháilíocht agus ábharthacht curaclam gairmoideachais agus gairmoiliúna, mar aon le cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chur chun cinn ar bhealach níos fearr i measc foghlaimeoirí, fostóirí agus an phobail i gcoitinne; ***ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach mór don chreat atá ar na bacáin comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a aithint go sainráite mar chuspóirí bunúsacha an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna in éineacht le hinfhostaitheacht, iomaíochas agus foghlaim ar feadh an tsaoil; á thabhairt chun suntais go gceanglófaí leis sin ar na Ballstáit uile príomhshruthú inscne a chomhtháthú i ndearadh, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht na gclár gairmoideachais agus gairmoiliúna; ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ina bpríomhionstraim chun steiréitíopaí inscne a cheistiú trí ghairmthreoir a thairiscint, agus ag an***

am céanna cailíní a spreagadh chun gairmeacha teicniúla agus buachaillí a mheas chun dul isteach i ngairmeacha a bhaineann le cúram, chun leithscaradh gairme a laghdú ag an am céanna;

Or. en

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
2. á chur i bhfáth gur cheart breathnú ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúnt mar uirlis lenar féidir tacú le forbairt phearsanta mac léinn agus oibrithe agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais i margadh an tsaothair, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais agus tacú leis an nuálaíocht in earnálacha straitéiseacha;	2. á chur i bhfáth gur cheart breathnú ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúnt mar uirlis lenar féidir tacú le forbairt phearsanta mac léinn agus oibrithe agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais i margadh an tsaothair, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais agus tacú leis an nuálaíocht in earnálacha straitéiseacha; ***á mheabhrú, go háirithe, gur ionstraim ríthábhachtach é an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, trí bhealaí praiticiúla chun fostaíochta a chur ar fáil, ní hamháin do dhaoine óga atá ag dul isteach sa lucht saothair ach freisin do dhaoine fásta atá ag iarraidh uas-sciliú nó athsciliú a dhéanamh le linn a ngairmeacha beatha, go háirithe do mhná a bhfuil rátaí rannpháirtíochta níos ísle i margadh an tsaothair acu i gcónaí, pá níos ísle agus níos mó bristeacha fostaíochta mar gheall ar chúram leanaí nó freagrachtaí cúraim eile nó idirdhealú maidir le dul chun cinn gairme nó luach saothair éagórach;***

Or. en

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbraitheann mic léinn agus céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna go bhfuil an luach céanna ag baint lena gcáilíochtaí agus lena ngairmeacha agus atá leis an oideachas acadúil, chun comhtháthú sóisialta agus cuimsiú sóisialta a áirithiú;	3. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbraitheann mic léinn agus céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna go bhfuil meas comhionann ar a gcáilíochtaí agus ar a ngairmeacha san oideachas acadúil, chun comhtháthú sóisialta agus cuimsiú sóisialta a áirithiú***, go háirithe do mhná i gcásanna leochaileacha agus dóibh siúd a ndéanann idirdhealú trasnach difear dóibh, amhail imircigh, dídeanaithe, máithreacha aonair, mná a ndéantar idirdhealú ina n-aghaidh mar gheall ar a ngnéaschlaonadh nó a léiriú inscne, pobail tuaithe, mná faoi mhíchumas agus mná atá dífhostaithe go fadtéarmach, chun comhdheiseanna a chur chun cinn agus chun a rannpháirtíocht iomlán sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil a cheadú***;

Or. en

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4a. á iarraidh ar an gCoimisiún, chun comhlíonadh na gceanglas maidir le comhionannas inscne a áirithiú agus a fhíorú, úsáid príomhbheart a chur chun cinn, lena n-áirítear: measúnú tionchair inscne éigeantach le haghaidh beartais nua ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, buiséadú inscne-fhreagrúil chun cistiú leordhóthanach a áirithiú do thionscnaimh chomhionannais, agus bailiú agus foilsiú sonraí inscne-dhíchomhiomlánaithe maidir le clárú, críochnú, printíseachtaí, torthaí fostaíochta, pá agus dul chun cinn gairme;

Or. en

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
5. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais páirt a thabhairt do mhic léinn agus céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna ar gach leibhéal den cheapadh beartas chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú agus tréimhsí oiliúna gairmoideachais agus gairmoiliúna a chur ar fáil;	5. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais páirt a thabhairt do mhic léinn agus do chéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna ar gach leibhéal den cheapadh beartas chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú***,*** agus chun tréimhsí oiliúna gairmoideachais agus gairmoiliúna a thairiscint, ***lena n-áiritheofar go mbeidh comhdheiseanna ag cailíní clárú i gcláir ghairme*** ar ***fud na n-earnálacha uile, lena n-áirítear tionscail ina bhfuil ceannas ag fir go traidisiúnta; ag tabhairt dá haire go leanann roinnt earnálacha de líon i bhfad níos lú printíseach ban a earcú, rud a chuireann teorainn le deiseanna le haghaidh taithí phraiticiúil agus dul chun cinn gairme; á thabhairt chun suntais gur gá aghaidh a thabhairt ar thorthaí taighde a léiríonn go comhsheasmhach gur féidir le tearcionadaíocht na mban i dtionscail áirithe muinín cailíní as dul isteach sna gairmeacha sin a laghdú***;

Or. en

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
8. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit infheistíochtaí leordhóthanach a dhéanamh sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint trí mholtaí tírshonracha i gcomhthéacs an	8. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit infheistíochtaí leordhóthanach a dhéanamh sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint trí mholtaí tírshonracha i gcomhthéacs an

tSeimeastair Eorpaigh agus trí chistiú ón Aontas a chur in áirithe; á mheabhrú go ndearnadh infheistíocht rathúil, faoin gCiste um Aistriú Cóir, i ngeilleagair áitiúla trí chistiú a chur ar fáil do scileanna agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus á mholadh go ndéanfaí obair leantach ar an sampla sin faoi phleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí na mBallstát, chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chur chun cinn;	tSeimeastair Eorpaigh agus trí chistiú ón Aontas a chur in áirithe; á mheabhrú go ndearnadh infheistíocht rathúil, faoin gCiste um Aistriú Cóir, i ngeilleagair áitiúla trí chistiú a chur ar fáil do scileanna agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus á mholadh go ndéanfaí obair leantach ar an sampla sin faoi phleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí na mBallstát, chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chur chun cinn; ***á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht na mban i ngairmeacha oilte a mhéadú, rud a leathnaíonn an lucht saothair agus a chuidíonn le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha a bhaineann le daonra na hEorpa atá ag dul in aois;***

Or. en

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
9. ag tacú le comhpháirtíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta idir fostóirí agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna chun ábharthacht agus cáilíocht curaclam gairmoideachais agus gairmoiliúna a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfaí soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a nascadh le braislí réigiúnacha tionsclaíocha agus teicneolaíocha;	9. ag tacú le comhpháirtíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta idir fostóirí agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna chun ábharthacht agus cáilíocht curaclam gairmoideachais agus gairmoiliúna a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfaí soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a nascadh le braislí tionsclaíocha agus teicneolaíocha ***réigiúnacha, agus béim ar leith á leagan ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht na mban, chun a chur ar chumas na mban gnólachtaí a bhunú, go háirithe i seirbhísí digiteacha, i dtionscail chruthaitheacha agus in earnálacha inbhuanaithe***;

Or. en

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
10. á iarraidh go dtabharfaí aird níos mó ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint i mbeartais agus cláir an Aontais atá ann cheana; ag moladh go ndéanfaí comhlachtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i bhforbairt beartas nuálaíochta chun scaipeadh agus glacadh réiteach nuálach a fheabhsú ar fud na n-earnálacha; á áitiú gur gá tacú le hinfheistíocht i scileanna in earnálacha straitéiseacha faoi ionuithe beartais an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas atá beartaithe;	10. á iarraidh go dtabharfaí aird níos mó ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint i mbeartais agus cláir an Aontais atá ann cheana; ag moladh go ndéanfaí comhlachtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i bhforbairt beartas nuálaíochta chun scaipeadh agus glacadh réiteach nuálach a fheabhsú ar fud na n-earnálacha; á áitiú gur gá tacú le hinfheistíocht i scileanna in earnálacha straitéiseacha faoi ionuithe beartais an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas atá beartaithe; ***á áitiú go n-úsáidfí cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna chun ganntanais scileanna atá os comhair na hEorpa a laghdú, go háirithe in earnálacha amhail cúram sláinte, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, innealtóireacht, teicneolaíochtaí glasa agus tógáil, trí níos mó ban a spreagadh chun dul isteach sna réimsí sin trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint, lena méadaítear an linn tallainne atá ar fáil; á chur i bhfáth gur gá cur chuige atá claochlaitheach ó thaobh inscne de a ghlacadh lena gcuirfear deireadh go gníomhach leis na bacainní struchtúracha atá roimh mhná agus cailíní le linn an ghairmoideachais, na bprintíseachtaí agus na fostaíochta;***

Or. en

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

11. á chur i bhfáth go bhfuil méadú tagtha ar an ngá atá le hathsciliú mar thoradh ar an intleacht shaorga agus uathoibriú; ag cur béim, sa chomhthéacs sin, go bhfuil méadú ag teacht ar thábhacht na hoiliúna atá ar fáil do na hoibrithe uile i dtaca lena ngairm reatha nó lena ngairm eile;	11. á chur i bhfáth go bhfuil méadú tagtha ar an ngá atá le hathsciliú mar thoradh ar an intleacht shaorga agus uathoibriú; ag cur béim, sa chomhthéacs sin, go bhfuil méadú ag teacht ar thábhacht na hoiliúna atá ar fáil do na hoibrithe uile i dtaca lena ngairm reatha nó lena ngairm eile; ***ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do bheartais nua-aimseartha an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna cailíní a spreagadh go gníomhach chun conairí gairme a shaothrú san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM), ós rud é go gcuidíonn méadú rannpháirtíocht na mban sna hearnálacha sin le ganntanais saothair a laghdú agus comhionannas inscne á chur chun cinn agus borradh á chur faoi iomaíochas na hEorpa ag an am céanna;***
	Or. en

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	12a. á chur i bhfios go láidir gur gá ceannaireacht na mban i rialachas gairmoideachais agus gairmoiliúna a mhéadú chun go bhféadfar ionadaíocht a dhéanamh ar dhearcthaí na mban i gcomhlachtaí cinnteoireachta atá freagrach as beartas gairmoideachais agus gairmoiliúna; ag cur béim ar an bhfíoras, chun é sin a bhaint amach, gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit ionadaíocht chothrom inscne a spreagadh ar bhoird chomhairleacha an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, earcú méadaithe teagascóirí ban i réimsí teicniúla agus comhairliúchán le heagraíochtaí ban, ceardchumainn, fostóirí agus an tsochaí shibhialta agus straitéisí gairmoideachais agus

gairmoiliúna á bhforbairt acu;

Or. en

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nár chuir sé san áireamh ina thuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32021Q0611(01)).